HM 1

# COMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA nGALL

## SCÉIM DEONTAIS TITHÍOCHTA D'ÁISEANNA SOGHLUAISTEACHTA

## FOIRM IARRATAIS



**Léigh na coinníollacha atá faoi iamh sula gcomhlánóidh tú an fhoirm seo**

**Caithfear gach ceist a fhreagairt**

**Scríobh do chuid freagraí go soiléir i mbloclitreacha**

**Ná cuirtear tús le hoibreacha go dtí go mbeidh an t-iarratas ar dheontas faighte ag an Údarás Áitiúil agus go mbeidh cead i scríbhinn tugtha aige**

**Caithfidh gurb é an teach atá luaite san iarratas seo gnátháit chónaithe an duine a bhfuil deontas á lorg ar a s(h)on**

**SONRAÍ AN IARRATASÓRA**

**Ainm an Iarratasóra:**________________________________________________

**Seoladh:** ________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________

**Uimhir Ghutháin:** _______________ **Uimhir Ghutháin Phóca:**________________

**Dáta Breithe:** ______________________ **Uimh. P.S.P.:** _________________

**Slí Bheatha:** ________________________________________________

**Ainm an duine a bhfuil deontas á lorg ar a s(h)on** ***(murab ionann agus an tIarratasóir):***

________________________________________________________________

**Gaol leis an iarratasóir:** ______________________________________________

**An bhfuil cónaí ar an duine atá faoi mhíchumas ag an seoladh thuas?** __________________

**Cé chomh fada agus atá sé/sí ina c(h)ónaí ag an seoladh sin?** _________ de bhlianta

**SONRAÍ AN DOCHTÚRA TEAGHLAIGH**

**Ainm agus seoladh an Dochtúra Teaghlaigh:** ___________________________________

_________________________________________________________________

_________________________________________________________________

***(Tabhair ar aird go gcaithfidh do Dhochtúir Teaghlaigh an teastas dochtúra atá faoi iamh a chomhlánú agus a sheoladh ar ais leis an fhoirm iarratais seo)***

**<u>SONRAÍ AN LÍON TÍ / ÁITRIBH</u>**

**Cén t-ainm atá ar úinéir an áitribh ina bhfuil na hoibreacha oiriúnaithe le déanamh?**

______________________________________________________________________________

**Sonraí na ndaoine ar fad atá ina gcónaí san áitreabh a bhfuil deontas á lorg ina leith *(lena n-áirítear an t-iarratasóir agus/nó an duine atá faoi mhíchumas)***

| Ainm | Gaol leis an iarratasóir | Dáta breithe | Ollioncam (an bhliain chánach roimhe) | Slí bheatha* *(má bhaineann)* |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |
| | | | | |

**Ollioncam Bliantúil an Líon Tí: €______________________________________________**
***(Déantar tagairt don nóta míniúcháin atá le fáil faoi choinníollacha na scéime)***

***Caithfear fianaise ón eagras Oideachais / Oiliúna a chur isteach i gcás daoine den líon tí atá idir 18 mbliana agus 23 bliana d'aois agus atá ag freastal ar oideachas lánaimseartha nó atá páirteach i bprintíseacht de chuid FÁS.**

**Líon na seomraí san áitreabh agus cur síos orthu:**

| | Seomraí Leapa | Seomra Suí | Seomra Bia | Cistin | Seomra Folctha | Eile |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Thuas staighre** | | | | | | |
| **Thíos staighre** | | | | | | |

**Ar íocadh Deontas do Dhaoine Faoi Mhíchumas, Deontas Oiriúnaithe Tithíochta nó Deontas Tithíochta d'Áiseanna Soghluaisteachta cheana féin leis an duine céanna nó i leith an áitribh chéanna? Má íocadh, tabhair na sonraí le do thoil:**

_______________________________________________________________________________

_______________________________________________________________________________

**Más í an Chomhairle a chuir an teach ar fáil luaigh cé acu atá sé**

**ar cíos** ☐ **nó ceannaithe** ☐

**An bhfuil aon airgead ó úinéir/thionónta an áitribh ag dul don Chomhairle maidir le ceann ar bith de na nithe seo a leanas? (Má tá, tabhair uimhir an chuntais agus an méid atá dlite.)**

**i) Íocaíocht chíosa/cheannaigh – Tá/Níl Uimhir chuntais ____________ Méid € ______**

**ii) Táillí Uisce – Tá/Níl Uimhir chuntais ____________ Méid € ______**

**iii) Eile (sonraigh, le do thoil e.g. Cuntas Iasacht Tithíochta srl.)**
**– Tá/Níl Uimhir chuntais ____________ Méid € ______**

**Tuigtear dom feidhm an deontais seo agus glacaim mar chúram orm féin déanamh de réir théarmaí na scéime.**

**Ní chuirfidh mé tús leis na hoibreacha sula mbeidh cead críochnaitheach don deontas tugtha i scríbhinn agus cuirfidh mé na hoibreacha i gcrích de réir mar a cheadófar iad.**

**Toilím go gcoinneoidh Comhairle Chontae Dhún na nGall de cheart aici féin aon chigireacht/imscrúdú a dhéanamh a mheasfaidh sí a bheith fóirsteanach agus an t-iarratas á bhreithniú aici.**

**An duine a bhfuil an deontas á lorg dó nó di, tá cónaí air/uirthi sa teach mar ghnáth-áit chónaithe.**

**Dearbhaím go bhfuil an t-eolas agus na sonraí atá tugtha thuas ceart agus cruinn agus nach bhfuil aon fhoinse eile ioncaim ag an lion tí seachas an figiúr atá luaite mar oll-ioncam bliantúil an lion tí.**

**Síniú an Iarratasóra: __________________________ Dáta: ______________**

HM 2

**TEASTAS DOCHTÚRA**

**SCÉIM DEONTAIS TITHÍOCHTA D'ÁISEANNA SOGHLUAISTEACHTA**

Dearbhaím leis seo go bhfuil na hoibreacha atá molta ar an fhoirm iarratais faoi iamh riachtanach chun cóiríocht cheart a chur ar fáil do:

**AINM:** ______________________________________________

**SEOLADH:** ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**A BHFUIL AN TINNEAS SEO A LEANAS AIR/UIRTHI:** ____________________

______________________________________________

**CUR SÍOS AR NÁDÚR AGUS MÉID AN MHÍCHUMAIS:** ____________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

**AINM AN DOCHTÚRA:** ______________________________________________

**STAMPA AN DOCHTÚRA**

**SEOLADH:** ______________________________

______________________________

______________________________

**SÍNIÚ:** ______________________________________________

**DÁTA:** ______________________________________________

**DÉAN CINNTE GO BHFUIL AN TEASTAS STAMPÁILTE AG DOCHTÚIR, LE DO THOIL**

# Seicliosta

<u>Le nach mbeidh moill ann agus d'iarratas á phróiseáil, iarratar ort dul siar air sula gcuirfidh tú isteach chuig an Chomhairle é. Tá an seicliosta thíos ann mar threoir duit, rud a rachaidh chun sochair duit nuair a bheidh d'iarratas á phróiseáil.</u>

- **<u>Coinníollacha na Scéime</u>**

✓ Tá coinníollacha na scéime léite agam agus tuigim iad ☐

✓ Creidim go dtagann m'iarratas le coinníoll na scéime ☐

- **<u>Foirm Iarratais</u>**

✓ Tá na ceisteanna uilig ar an fhoirm (HM1) comhlánaithe ina n-iomlán agam ☐

✓ Tá m'Uimhir PSP tugtha agam ☐

✓ Tá an fhoirm sínithe agam ☐

✓ Tá an Teastas Dochtúra (HM2) comhlánaithe agus sínithe agus tá stampa air ☐

- **<u>Cáipéisí atá mar thaca le d'iarratas</u>**

✓ Tá fianaise curtha isteach agam ar ioncam an líon tí, ó gach foinse ☐

✓ Fianaise maidir le húinéireacht an áitribh nuair is cuí ☐

✓ Tá fianaise curtha isteach agam maidir le gach rud a bheith in ord ó thaobh cáin mhaoine áitiúil de. ☐

**<u>TUGTAR AR AIRD: NÍ FÉIDIR IARRATAS A PHRÓISEÁIL GO DTÍ GO MBEIDH NA FOIRMEACHA AGUS NA CÁIPÉISÍ EILE UILIG ATÁ MAR THACA LEIS AN IARRATAS CURTHA ISTEACH CHUIG AN CHOMHAIRLE.</u>**

## Coinníollacha na Scéime

- **Feidhm an Deontais**

Tá an Deontas Tithíochta d'Áiseanna Soghluaisteachta ar fáil chun oibreacha bunúsacha a chlúdach chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna soghluaisteachta a bhaineann, go príomha, le dul in aois, ach ní leis sin amháin.

- **Cé atá i dteideal an deontas a fháil?**

Tá an deontas ar fáil do dhaoine atá ina gcónaí i dteach nach mó ná €30,000 ollioncam bliantúil an líon tí agus ina bhfuil oibreacha go réasúnta riachtanach chun an teach a fhágáil níos fóirsteanaí mar chóiríocht do dhuine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici agus ar duine den líon tí é/í.

Is é príomhchuspóir an deontais freastal ar riachtanais na ndaoine sin a bhfuil na riachtanais is mó / is casta acu i dtaca le cúram cliniciúil / feidhmiúil. Tá polasaí glactha ag an Chomhairle chun díriú ar na trí (3) chatagóir seo a leanas i.e. riochtaí forchéimnitheacha néareolaíocha, gortú inchinne faighte, grúpaí eile a bhfuil leibhéal ard cúraim de dhíth orthu.

**Riochtaí Forchéimnitheacha Néareolaíocha**

- Scléaróis Iolrach
- Galar Néarón Luadrach
- Galar Parkinson
- Tinneas Foirceanta Forchéimnitheach / Ailse
- Galar Alzheimer / Néaltrú
- Aimleodóise
- Diostróife Mhatánach
- Ataicse Frederick
- Galar Huntington

**Gortú Inchinne Faighte**

- Gortú Inchinne
- Gortú Inchinne de bharr Alcóil
- Stró

**Grúpaí eile a bhfuil Leibhéal Ard Cúraim de dhíth orthu**

- Daoine i gcathaoireacha rothaí
- Daoine atá ag brath ar threalamh speisialaithe chun feidhmiú sa bhaile, trealamh tógála mar shampla
- Daoine a bhfuil leibhéal ard cúraim á sholáthar sa bhaile dóibh (go ginearálta, níos mó ná cúramaí amháin ceaptha)
- Daoine a bhfuil gortuithe déanta do chorda an dromlaigh, ar nós ceathairphléige nó parapléige

Cé gur leor diagnóis inti féin, mar atá leagtha amach sa chéad dá chatagóir thuas, chun go gcuirfí duine san áireamh le haghaidh deontais, bheadh gá chomh maith, ar ndóigh, leis na riachtanais ghaolmhara feidhmiúla. Sa chomhthéacs sin, caithfear an chóiríocht atá ann cheana féin, agus an leibhéal tacaíochta atá ar fáil, a chur san áireamh chomh maith.

Baineann na prionsabail ghinearálta seo a leanas le hábhar chomh maith:-

- An duine a bhfuil an t-oiriúnú á mheas dó nó di, caithfidh sé nó sí a bheith faoi mhíchumas atá 'buan agus suntasach'.
- Caithfidh an duine cónaí a dhéanamh sa teach mar ghnáth-áit chónaithe aige nó aici.
- Is é cuspóir na n-oiriúnaithe a dhéanamh ná cur le neamhspleáchas feidhmiúil na ndaoine sin atá faoi mhíchumas buan agus suntasach, nó an neamhspleáchas feidhmiúil atá acu a chothabháil. Beidh leibhéal an deontais ag brath ar riachtanais an duine aonair agus / nó an chúramaí maidir le míchumas an duine aonair, agus ar indéantacht theicniúil.
- Ba chóir don oiriúnú, chomh fada agus is praiticiúil, riachtanais ghearrthéarmacha agus fhadtéarmacha an chliaint a chur san áireamh. I gcás páistí, ní féidir é seo a dhéanamh i gcónaí go dtí go mbíonn siad cúig bliana d'aois, agus mar sin de, ní chuirfear iarratais ar thacaíocht d'oibreacha do pháistí faoi chúig bliana d'aois, ní chuirfear sin san áireamh ach amháin nuair a bheas a gcuid riachtanas fadtéarmach bunaithe agus cinntithe go soiléir. I gcásanna den chineál seo, beidh gá lena dheimhniú cé acu chuaigh an páiste faoi mheasúnú ar riachtanas de réir Alt 2 den Acht Míchumais, 2005, nó nach ndeachaigh. Nuair atá measúnú déanta, cuirfear na moltaí atá sa tuairisc mheasúnaithe san áireamh.

**Mar sin féin,**

- Ní hionann míchumas a bheith ann agus ceart gan cheist go n-íocfar deontas, mar gur gá leibhéal an mhíchumais agus na deacrachtaí feidhmiúla a éiríonn as sin a chur san áireamh chomh maith. Ní chiallaíonn leibhéal míchumais nó diagnóis ar leith go bhfuil riachtanais shuntasacha ag an iarratasóir maidir le tithíocht.
- Is féidir nach mbeadh míchumas gearrthéarmach incháilithe, i gcás, mar shampla, nuair a chuideodh 'áis chabhrach' le duine aon deacracht fheidhmiúil a shárú. Mar an gcéanna, sa chás go dtéann duine faoi chóir leighis agus súil ann go mbeidh 'biseach' laistigh d'am réasúnta, ní íocfaí aon deontas. Sampla de chomhthéacs mar seo is ea nuair a bheadh duine i ndiaidh obráid cromáin a fháil.
- Má tá míchumas de bharr seanaoise ar dhuine ní chiallaíonn sin go bhfuil an t-iarratasóir i dteideal deontais gan cheist, mar go gcaithfidh na hoibreacha atá beartaithe a bheith riachtanach agus caithfidh na hoibreacha a bheith bainte go díreach le deacrachtaí feidhmiúla an iarratasóra a mhaolú.

- **<u>Cén cineál oibre atá clúdaithe?</u>**

Seo iad a leanas samplaí de na cineálacha oibreacha a dtugtar deontas ina leith faoin scéim:

- Greimráillí;
- Rampaí rochtana;
- Cithfholcadán le bonn leibhéalta;
- Ardaitheoirí ar staighre;
- Aláraim Dheataigh; agus
- Mionoibreacha eile a mheasfaí a bheith riachtanach chun riachtanais shoghluaisteachta duine den líon tí a éascú.

Is faoin Údarás Áitiúil atá cinneadh a dhéanamh, i measc nithe eile, cad iad na himthosca ina n-íocfaidh sé deontas agus, má íocfaidh, cad iad na hoibreacha a bheidh riachtanach chun an chóiríocht a dhéanamh níos fóirsteanaí don duine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta aige/aici, agus cén méid an deontas a íocfar.

Caithfear na ceisteanna seo uilig a bhreithniú i gcomhthéacs an riachtanais leanúnaigh chun an luach is fearr ar airgead a fháil.

De ghnáth,

- Caithfidh na hoibreacha a bheith riachtanach chun cáilíocht shaol an duine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta aige/aici a fheabhsú.
- Caithfidh an obair oiriúnaithe a bheith "bunúsach agus praiticiúil" agus "riachtanach agus fóirsteanach".
- Sa chás go mbíonn roghanna éagsúla ar fáil chun freastal ar riachtanais an iarratasóra, is í an rogha is éifeachtaí ó thaobh costais de a mholfar.
- I gcuid mhaith cásanna, b'fhéidir go mbeadh áiseanna folcadáin nó áiseanna eile fóirsteanach mar leigheas ar an scéal seachas deisiúcháin struchtúrtha a dhéanamh ar an teach.
- Mar threoir maidir leis na hoibreacha atá incháilithe fá choinne deontais, cuirtear an cheist "an mbeadh na hoibreacha/áiseanna go fóill de dhíth ar an duine mura mbeadh fadhbanna soghluaisteachta aige/aici?". Dá mba rud é go mbeadh, níl an Deontas d'Áiseanna Soghluaisteachta fóirsteanach, agus i gcás mar sin caithfear a thuigbheáil nach gclúdaíonn an Deontas d'Áiseanna Soghluaisteachta soláthar d'áiseanna atá de dhíth mar gheall ar róphlódú, nó as siocair go bhfuil deisiúcháin / cothabháil ghinearálta le déanamh ar an teach.
- Ní chlúdaítear faoin Scéim oibreacha a rachadh chun leasa ghinearálta an líon tí seachas chun leasa an duine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta aige/aici go sonrach, ná oibreacha nach ndéanfadh na fadhbanna soghluaisteachta a éascú go díreach.
- Ní bhreithneofar in am ar bith iarratas a measfar "gnáthoibreacha" cothabhála nó feabhsúcháin a bheith mar bhonn leis, seachas iarratas a dhíríonn ar riachtanais speisialta a éiríonn as deacrachtaí soghluaisteachta.

**Rampaí/Ráillí**
D'fhéadfaí go mbeadh deontas iníoctha maidir le rampa nó ráille a chur ar fáil ag doras tosaigh nó ag doras cúil an tí. Ní chlúdaíonn an Scéim obair le hathdhromchla a chur ar iomlán an chabhsáin ná na sráide.

I gcásanna eisceachtúla nach mbíonn an duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici ábalta gluaiseacht thart ach amháin i gcathaoir rothaí, nó má tá sé/sí faoi bhac trom, is féidir deontas i leith an chostais a bhaineann le cosán beag a chur ar fáil chomh fada leis an doras a bhreithniú.

**Seomraí Folctha / Cithfholcadáin le Boinn Leibhéalta**
D'fhéadfaí obair oiriúnaithe i seomra folctha a bhreithniú le háiseanna speisialta cithfholcadáin agus leithris a chur ar fáil sa chás go meastar iad a bheith riachtanach. I gcuid mhaith cásanna, is iad na hoibreacha a mholfar cithfholcadán le bonn leibhéalta a chur ar fáil nó obair eile oiriúnaithe don seomra folctha. Ní chlúdaíonn an Scéim *suite* iomlán an tseomra fholctha, .i. ní chlúdaítear an costas a bhaineann le leithreas nó le doirteal nua mar chuid d'obair oiriúnaithe i seomra folctha. I gcuid mhaith cásanna, bíonn drochbhail ar na gnáth-*suites* agus bíonn cinn nua de dhíth, ach níl an cineál sin oibre fóirsteanach faoin Scéim Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta. Is d'áiseanna riachtanacha amháin a chuirfear deontas ar fáil.

**Ardaitheoirí ar Staighrí**
Breithneofar an rogha chun ardaitheoir ar staighre a chur ar fáil seachas cur leis an teach sa chás gur féidir sin a dhéanamh agus sa chás go bhfreastlódh a leithéid ar riachtanais an duine a bhfuil fadhb shoghluaisteachta aige/aici.

**Aláraim Dheataigh**
Moltar go láidir d'iarratasóirí aláraim dheataigh a chur isteach mar chuid de na hoibreacha muna bhfuil siad san áit chónaithe cheana féin nó muna bhfuil siad ag obair. Is í an rogha is fearr aláram deataigh a oibreoidh mar chuid den phríomhlíonra a chur isteach má bhíonn oibreacha athshreangaithe ar siúl.

Mar rogha eile, ba chóir, ar a laghad, dhá aláram neamhspleácha deich mbliana a ritheann ar chadhnraí a chur isteach. I gcásanna mar sin is tábhachtach a chinntiú go ndéantar na cadhnraí a sheiceáil go minic agus go gcuirtear cinn nua isteach ina n-áit de réir mar a theastaíonn.

- **<u>Mionoibreacha</u>**

Féadfar mionoibreacha eile a bhreithniú a measfaí iad a bheith riachtanach chun riachtanais shoghluaisteachta duine den líon tí a éascú.

- **<u>Oibreacha Níos Mó</u>**

Sa chás go mbíonn deontas de dhíth le hoibreacha níos mó a dhéanamh agus gur mó costas ionchais na n-oibreacha ná an deontas atá ar fáil faoin Scéim Deontais Tithíochta d'Áiseanna Soghluaisteachta, ba chóir don iarratasóir cur isteach ar dheontas faoin Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine atá faoi Mhíchumas. Tá foirm iarratais (HD1) agus coinníollacha ar leith ann don Scéim Oiriúnaithe Tí (HD1).

Níl aon bhac, ar ndóigh, ar an iarratasóir cur isteach ar oibreacha den chineál sin atá thuasluaite faoin Scéim Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta, ach is lú i bhfad an t-uasdeontas iomlán agus níl aon deontas iníoctha sa chás gur mó ná €30,000 ollioncam bliantúil úinéir an áitribh.

Seo thíos samplaí d'oibreacha níos mó a d'fhéadfaí a dhéanamh.

**Seomra leapa a chur ar fáil**
I gcás theach dhá stór, féadfar tógáil sheomra leapa ar leibhéal na talún a bhreithniú sa chás nach mbíonn an duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici ábalta an seomra leapa atá ann cheana féin a bhaint amach mar gheall ar an mhíchumas. Is fearr mar roghanna iad, sa chás gurbh leor iad le freastal ar riachtanais an duine a bhfuil deacrachtaí soghluaisteachta aige/aici, seomra atá ann cheana

féin a chur in oiriúint mar sheomra leapa, nó ardaitheoir ar staighre a chur ar fáil seachas cur leis an teach.

**Doirse / Hallaí**
Sa chás nach bhfuil an t-iarratasóir ábalta gluaiseacht thart ach amháin i gcathaoir rothaí breithneofar leathnú doirse/hallaí sa chás go measfar sin a bheith riachtanach. Clúdaítear gnáthdhoirse agus ní thógfar san áireamh doirse idirchum.

**Cistin**
Sa chás nach mbíonn duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici in ann gluaiseacht thart ach amháin i gcathaoir rothaí ach go mbeadh sé/sí ábalta, agus spreagtha, chun bia a réiteach i gcistin a bheadh curtha in oiriúint dó/di, seans go mbeadh obair oiriúnaithe riachtanach sa chistin. Aon obair oiriúnaithe a dhéanfaí, áfach, chaithfí í a dhéanamh go sonrach chun go mbeadh an duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici in ann an chistin a úsáid. Ní chun feabhas a chur ar chistin nach leor í a dhéanfaí an obair atá clúdaithe ag an deontas. I measc na n-oibreacha a bhféadfaí iad a dhéanamh bheadh dromchla teoranta oibre a chur ar fáil agus soicéid leictreachais. I gcásanna eisceachtúla, d'fhéadfaí an chistin a mhéadú chun cúrsaíocht a éascú.

## Córais Teasa a Sholáthar
Go ginearálta, ní bhíonn deontais ar fáil faoin scéim deontais míchumais le teas lárnach a sholáthar mar go bhfuil tacaíocht ar fáil don obair seo ó Údaráis/Áisíneachtaí eile. Mar sin féin, más rud é go bhfuil oibreacha eile ar siúl faoi scéim deontais míchumais, eg soláthar seomra breise, is féidir go smaoineofaí ar an chóras teasa atá ann cheana a chur isteach sa seomra breise.

**Soláthar Uisce/Séarachais**
Sa chás nach bhfuil aon saoráidí uisce/séarachais i dteach cónaithe cheana féin, is féidir a leithéid a bhreithniú mar chuid de na hoibreacha. Sampla is ea an t-aon soláthar uisce atá ann cheana féin a bheith le fáil ó sconna lasmuigh nó an leithreas a bheith suite lasmuigh.

Mar gheall ar dheontais ar leith a bheith ar fáil ón Roinn Uisce, Comhshaoil agus Éigeandála le haghaidh sholáthar uisce as toibreacha, ní chlúdaítear a leithéid faoin Scéim Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta.

**Fuinneoga**
Taobh amuigh d'fhuinneoga nua a chur isteach i síneadh le teach, is i gcásanna eisceachtúla amháin a chuirfear deontas ar fáil chun fuinneoga nua a chur isteach in áit na gceann atá ann cheana féin.

- **<u>Saoráidí in áit na gceann atá ann cheana féin</u>**

Sa chás go gcaithfear cistin/seid nua a chur isteach le síneadh ar an teach a éacsú le freastal ar riachtanais an duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici, is féidir costas na saoráidí sin a chlúdach leis an deontas.

- **<u>Oibreacha Lasmuigh</u>**

Díríonn an Scéim ar sholáthar oibreacha istigh san aonad cóiríochta agus ní chlúdaítear oibreacha lasmuigh ach amháin rampaí/ráillí/cosáin i gcásanna eisceachtúla. Sampla d'oibreacha den chineál sin is ea áit a chur ar fáil don charr, nó garáiste/seid nó fóntas lasmuigh srl.

- **<u>Áit Chónaithe Neamhspleách / Árasán Neamhspleách</u>**

Ní sholáthraíonn an Scéim Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta d'áiteanna cónaithe / árasáin neamhspleácha srl.

- **<u>Leibhéal an Deontais</u>**

Ní mó ná costas ceadaithe na n-oibreacha méid an deontais a bheidh ar fáil, agus beidh méid an deontais faoi réir uasmhéid fhoriomláin de €6,000. Is do theaghlaigh amháin nach mó ná €30,000 a n-ollioncam bliantúil a chuirfear an deontas ar fáil.

Beidh feidhm leis na teorainneacha seo a leanas maidir leis na codanna éagsúla den obair.

| | |
|---|---|
| Cosán, rampa rochtana agus greimráillí a sholáthar | € 1,500 |
| Seomra folctha atá ann cheana féin a chur in oiriúint le cithfholcadán le bonn leibhéalta a chur isteach | € 2,750 |
| Ardaitheoir ar staighre – bunaithe ar luachan i scríbhinn | €2,250 |
| Mionoibreacha eile a measfaí iad a bheith riachtanach chun freastal ar riachtanais shoghluaisteachta an iarratasóra | € 1,250 |

Nóta: Tá na teorainneacha thuas bunaithe ar shraith iomlán oibreacha a bheith riachtanach faoi eilimint ar leith oibreacha. Mar shampla, faoin mhír fá choinne cosán, rampa rochtana agus ráille láimhe a sholáthar, ní cheadaítear an €1,500 iomlán ach amháin sa chás go bhfuil gach ceann de na trí ghné sin riachtanach, ach sa chás nach bhfuil de dhíth ach ráille láimhe a sholáthar is méid níos lú a bheas i gceist.

**NÓTA: SA CHÁS GO GCUIRTEAR ISTEACH MEASTÚCHÁN Ó THÓGÁLAÍ ATÁ NÍOS ÍSLE NÁ NA MÉIDEANNA ATÁ LUAITE THUAS, NÓ SA CHÁS GO GCREIDEANN AN CHOMHAIRLE, MAR GHEALL AR IMTHOSCA AR LEITH, NACH BHFUIL AN COSTAS IOMLÁN COTHROM, DÉANFAR MÉID AN DEONTAIS A ÍSLIÚ DÁ RÉIR.**

- **<u>Ioncam an Líon Tí</u>**

As siocair go ndéantar tástáil acmhainne ar iarratais ar dheontais, <u>caithfear</u> fianaise ar ioncam an líon tí a chur isteach in éineacht le gach iarratas. Ríomhtar ioncam an líon tí trí ollioncam bliantúil úinéir an áitribh sa bhliain chánach roimhe a chur le chéile le hollioncam bliantúil a c(h)éile/p(h)áirtí sa bhliain chánach roimhe, más ann dá leithéid.

Agus ollioncam an líon tí á oibriú amach bainfidh an t-údarás áitiúil feidhm as na neamhairde seo a leanas:

- €5,000 fá choinne gach duine sa teaghlach atá suas le 18 mbliana d'aois;
- €5,000 fá choinne gach duine sa teaghlach atá idir 18 mbliana agus 23 bliana d'aois agus atá ag freastal ar oideachas lánaimseartha nó atá páirteach i bprintíseacht de chuid FÁS*;
- €5,000 sa chás go bhfuil an duine a bhfuil deontas á lorg ar a s(h)on ag fáil cúraim ó ghaol ar bhonn lánaimseartha;
- Sochar Linbh;
- Forlíonadh Luathchúraim Leanaí;
- Forlíonadh Ioncam Teaghlaigh;
- Liúntas Cúraim Baile;
- Deontas Cúraim Sosa;
- Liúntas/Sochar Cúramóra (sa chás gur maidir leis an té a bhfuil deontas á lorg ar a s(h)on a dhéantar íocaíocht an Chúramóra);
- Liúntas Cúraim Altrama;
- Liúntas Breosla.

*Caithfear fianaise ón eagras Oideachais/Oiliúna a chur isteach i gcás daoine sa teaghlach atá idir 18 mbliana agus 23 bliana d'aois agus atá ag freastal ar oideachas lánaimseartha nó atá páirteach i bprintíseacht de chuid FÁS.

- **<u>Fianaise ar ioncam an líon tí</u>**

***<u>Pinsinéirí</u>***
Duine atá éirithe as fostaíocht inárachais agus a bhfuil ceann acu seo a leanas á fháil aige/aici

- Pinsean Stáit (Aistriú)
- Pinsean Stáit (Ranníocach)
- Liúntas Réamhscoir
- Pinsean ó thar lear

caithfidh an duine sin Ráiteas Ioncaim don bhliain chánach roimhe ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus P60 ón fhostaitheoir a bhí aige/aici a chur isteach, má bhaineann a leithéid leis/léi.

Duine a fhaigheann

- Pinsean Stáit (Neamh-ranníocach)

caithfidh sé/sí fótachóip den leathanach íocaíochta ina leabha(i)r p(h)insin a chur isteach.

***<u>Oibrithe ÍMAT (PAYE)</u>***
Caithfidh duine atá i bhfostaíocht P60 don bhliain chánach roimhe a chur isteach.

***Daoine Féinfhostaithe/Feirmeoirí***
Caithfidh na daoine atá sa chatagóir seo Foirm Measúnaithe Cháin Ioncaim a chur isteach, mar aon le cóip de chuntais don bhliain chánach roimhe.

**Lucht Faighte Leasa Shóisialaigh (Ní liosta cuimsitheach é seo)**

- Pinsean Ranníocach Baintrí / Baintrí Fir
- Pinsean Neamh-ranníocach Baintrí / Baintrí Fir
- Sochar Breoiteachta
- Pinsean Easláinte
- Liúntas Míchumais
- Pinsean na nDall
- Sochar / Liúntas Cúramóra
- Sochar Gortaithe

Caithfidh na daoine seo Ráiteas Ioncaim don bhliain chánach roimhe ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a chur isteach.

***CAITHFEAR FIANAISE AR IONCAM LÍON TÍ A CHUR ISTEACH I DTAOBH ÚINÉIR NA MAOINE AGUS, MÁ BHAINEANN LE CÁS, I DTAOBH A C(H)ÉILE / A P(H)ÁIRTÍ AGUS AON DUINE FÁSTA EILE A BHFUIL CÓNAÍ ORTHU SA TEACH I.E. IAD SIÚD ATÁ OS CIONN 18 MBLIANA (NÓ OS CIONN 23 MÁ TÁ SIAD I MBUN OIDEACHAS LÁNAIMSEARTHA)***

Daoine nach dtagann le forálacha thástáil acmhainne na Scéime Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta, ba chóir dóibh iarratas a chur isteach ar dheontas faoin Scéim Deontas Oiriúnaithe Tithíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas (faoi réir a gcás féin a bheith ag teacht le téarmaí agus coinníollacha na scéime sin).

- **Rialacháin Thógála**

Tá Cuid M de na Rialacháin Thógála leasaithe chun a chinntiú go mbíonn daoine faoi mhíchumas in ann cuairt a thabhairt ar theach. Baineann Rialacháin Chuid M le tithe nua ar tugadh cead pleanála ina leith ar 1 Eanáir 2001 nó ina dhiaidh sin. Ar na príomhghnéithe atá i gceist i dtithe nua tá:

- Bealach isteach inrochtana chuig an áit chónaithe nó chuig an suíomh,
- An bealach isteach chuig an phríomhdhoras a bheith leibhéalta nó claonadh a bheith ann,
- Doras isteach atá leathan go leor agus a bhfuil tairseach isteach leibhéalta ann,
- Dorchlaí agus doirse atá leathan go leor chun cúrsaíocht a éascú ar leibhéal an bhealaigh isteach,
- Hanlaí ar dhoirse agus lascanna soilse a bheith suite ag airde fhóirsteanach,
- Leithreas ar leibhéal an bhealaigh isteach atá mór go leor le go mbeidh duine i gcathaoir rothaí in ann dul isteach ann.

As siocair go bhfuil na gnéithe seo riachtanach anois i dtithe nua ar tugadh cead pleanála ina leith ar 1 Eanáir 2001 nó ina dhiaidh sin, ní bhreithneofar na gnéithe sin agus cinneadh á dhéanamh maidir le méid an Deontais d'Áiseanna Soghluaisteachta atá iníoctha i leith na dtithe sin. Oibreacha sa bhreis orthu siúd atá riachtanach de réir na rialachán tógála agus a meastar iad a bheith riachtanach chun an chóiríocht a fhágáil níos fóirsteanaí chun freastal ar riachtanais an duine a bhfuil fadhbanna

soghluaisteachta aige/aici, is oibreacha den chineál sin amháin a bhféadfaidh an t-údarás a mbreithniú agus cinneadh á dhéanamh maidir le méid an deontais a bheidh iníoctha.

- **<u>An t-iarratas a chur isteach</u>**

Caithfidh an t-iarratasóir foirm shimplí iarratais HM1 a chomhlánú agus í a chur isteach chuig an Chomhairle mar aon le teastas dochtúra HM2 atá comhlánaithe ag dochtúir an duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici. Caithfear fianaise ar ioncam an líon tí a chur isteach chomh maith, in éineacht le fianaise ar úinéireacht an áitribh i gcásanna ar leith (tá níos mó sonraí ar "Fianaise ar Úinéireacht" le fáil sa chuid thíos). Is é seo an t-aon eolas a bheidh de dhíth sa chéad dul síos. Sa chás go gcuirfear isteach iarratas nach dtagann leis an chaighdeán bhunúsach seo, cuirfear ar ais chuig an iarratasóir é mar aon le míniú ar an eolas atá ar iarraidh.

- **<u>Teastas Dochtúra</u>**

Caithfear teastas dochtúra (foirm HM2) atá comhlánaithe agus sínithe ag do dhochtúir agus a bhfuil a stampa air a chur isteach in éineacht le d'iarratas.

- **<u>Fianaise ar Úinéireacht</u>**

Sa chás go léirítear gur duine eile atá mar úinéir an áitribh, seachas an duine a mheasfaí de ghnáth a bheith mar cheann an tí, e.g. mac / iníon cheann an tí, caithfear fianaise ar úinéireacht a chur isteach leis an iarratas le haon mhoill a sheachaint agus é á phróiseáil. Sampla eile nuair a chaithfear fianaise ar úinéireacht a chur isteach is ea sa chás go léirítear gur duine eile, seachas an duine a shaothraíonn an méid is mó airgid, atá mar úinéir an áitribh. Is é an cineál fianaise atá de dhíth ná cóip de cháipéisíocht teidil nó deimhniú ó dhlíodóir gurb é an duine atá ainmnithe úinéir cláraithe an áitribh nó go bhfuil iarratas á dhéanamh leis an duine sin a chlárú mar úinéir. Tugtar ar aird go bhfuil cead ag an Údarás Áitiúil fianaise ar úinéireacht a lorg aon uair a measann sé gurbh chuí a dhéanamh amhlaidh.

- **<u>Muirir atá dlite don Chomhairle</u>**

Sa chás go bhfuil aon airgead ag dul don Chomhairle maidir le blianachtaí cíosa/ceannaigh, iasacht tithíochta, muirir uisce, rátaí nó muirir eile, caithfear na muirir sin a íoc ina n-iomláine sula gceadófar an t-iarratas.

**Cáin Mhaoine Áitiúil (CMÁ)**

Caithfear cruthúnas a chur isteach leis an iarratas go bhfuil gach rud in ord maidir le CMÁ. Gheofar an t-eolas seo i bhfoirm cóip phriontáilte de leathanach stair na maoine ón chóras CMÁ ar líne. Sa chás nach bhfuil teacht ag an iarratasóir ar an chóras ar líne, ba chóir dóibh teagmháil a dhéanamh le líne chabhrach an CMÁ ar 1890 200255.

Sa chás nach bhfuil úinéir na maoine ina chónaí sa teach atá i gceist san iarratas, caithfear cruthúnas géilliúntais i dtaca leis an 'dá' theach a chur isteach isteach.

**Tá géilliúntas leis an CMÁ riachtanach ar an dáta a fhaightear an t-iarratas <u>agus</u> ar an dáta a íoctar an deontas.**

- **Luacháil**

Déanfaidh Comhairle Chontae Dhún na nGall socruithe le cigireacht a dhéanamh ar an áitreabh agus ullmhófar tuairisc ina gcuirfear in iúl cé acu a cháilíonn an t-iarratas sa chéad dul síos nó nach gcáilíonn agus tógfar san áireamh cineál agus méid na bhfadhbanna soghluaisteachta. Cuirfear in iúl sa dara dul síos sa tuairisc cad iad na hoibreacha a mheastar a bheith riachtanach. Comhalta de chuid fhoireann na Comhairle féin nó Teiripeoir Saothair a scríobhfaidh an tuairisc agus díreofar aird ar chinéal agus ar mhéid na bhfadhbanna soghluaisteachta atá ag an duine.

Sa chás go measann an Chomhairle, i ndiaidh d'imscrúdú a bheith déanta, go bhfuil tú i dteideal deontais, eiseofar litir ag tabhairt ceada ar bhonn sealadach.

Cuirfear in iúl duit cad iad na hoibreacha a mheastar a bheith riachtanach agus beidh ort ansin na nithe seo a leanas a chur isteach le go mbreithneofar iad:

- 1 luachan miondealaithe maidir le costais mheasta na n-oibreacha,
- Do chuid sonraí féin maidir le cáin ioncaim agus sonraí an Chonraitheora,
- Pleananna sonraithe / Cead pleanála de réir mar is cuí.

Déanfar an cinneadh deiridh maidir le d'iarratas nuair a bheidh na nithe breise seo curtha ar fáil agat agus nuair a bheidh siad breithnithe ag an Chomhairle. Is ansin a eiseofar fógra duit maidir le Cead Críochnaitheach.

Sa chás gur comhaltaí d'fhoireann na Comhairle féin a dhéanfaidh an measúnú, beidh sé de cheart ag an iarratasóir a iarraidh go ndéanfaidh Teiripeoir Saothair measúnú eile chomh maith, agus beidh deis ag an iarratasóir an rogha sin a dhéanamh. Cuirfear an t-iarratasóir ar an eolas i dtaobh na n-impleachtaí a bheidh ann maidir le hiarratais ar dheontais a dhéanfar sa todhchaí má shocraíonn sé/sí ar ghlacadh leis an deontas (féach na codanna sa cháipéis seo a bhaineann le cothabháil oibreacha agus le híoc an dara deontais).

Tá cead ag an iarratasóir tuairisc le Teiripeoir Saothair neamhspleách a chur isteach sa chéad dul síos leis an iarratas, rud a chinnteoidh go ndéanfar próiseáil go pras ar iarratais na ndaoine sin a bhfuil fadhbanna troma soghluaisteachta acu nó atá faoi mhíchumas trom / ag fáil cúraim phroifisiúnta / san ospidéal. Caithfear, áfach, tuairisc neamhspleách den chineál sin a leagan amach de réir an leagan amach atá sa cháipéis seo agus caithfidh sí teacht le téarmaí na scéime faoi mar atá siad leagtha síos anseo istigh. Sa chás go bhfostaíonn an t-iarratasóir Teiripeoir Saothair ón earnáil phríobháideach lena c(h)uid riachtanas a mheasúnú, is féidir an costas a bhaineann leis sin (suas le €200) a chur san áireamh sa deontas, faoi réir uasleibhéal iarbhír an deontais.

- **Tuairiscí**

Sa chás gur Teiripeoir Saothair a dhéanfaidh an t-iarratas a imscrúdú, déanfaidh sé/sí tuairisc shainiúil ar an iarratas i ndiaidh don imscrúdú a bheith déanta agus tógfaidh an Chomhairle an tuairisc sin san áireamh agus cinneadh á dhéanamh maidir leis an iarratas. Beidh sonraí sa tuairisc ar an teach, ar an teaghlach agus ar na daoine atá ina gcónaí sa teach, ar chumas an iarratasóra feidhmiú, ar na hoibreacha a chreideann an Teiripeoir Saothair a bheith go réasúnta riachtanach leis an chóiríocht a dhéanamh níos fóirsteanaí don duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici agus déanfar sin uilig i gcomhthéacs théarmaí na scéime. Beidh sonraí ar na hoibreacha agus ar na sonraíochtaí sainiúla le fáil i sceideal a bheidh ceangailte leis an tuairisc.

Sa chás go mbeidh sé soiléir le linn an chomhrá leis an iarratasóir go bhfuil sé/sí nó a t(h)eaghlach míshásta leis na hoibreacha a bheidh á moladh, beidh sonraí i dTuairisc an Teiripeora Shaothair ar na hoibreacha a mheasann an t-iarratasóir/teaghlach a bheith riachtanach, agus tabharfar tuairim an Teiripeora air sin. Is é an rud is tábhachtaí sa chás seo go mbeidh go leor eolais i dTuairisc an Teiripeora Shaothair le go mbeidh an Chomhairle in ann cinneadh a dhéanamh ar an iarratas agus le go mbeadh an Chomhairle / an Bainisteoir Teiripe Shaothair in ann an t-iarratas a athbhreithniú sa chás go mbeadh achomharc ann.

Sa chás gur comhalta d'fhoireann na Comhairle féin a dhéanfaidh an t-imscrúdú, beidh an tuairisc chomh sonraithe céanna chun déanamh cinnidh maidir leis an iarratas a éascú.

- **<u>Meastúcháin</u>**

I ndiaidh do chead sealadach a bheith tugtha, tabharfar cuireadh don iarratasóir meastúchán mionsonraithe ón chonraitheoir a chur isteach maidir leis na hoibreacha ceadaithe. Meastúchán miondealaithe a bheidh de dhíth maidir leis na codanna éagsúla de na hoibreacha a mbeidh deontas á bhronnadh ina leith.

- **<u>Pleananna/Sceitsí</u>**

Faoi réir cead sealadach agus mionsonraí/sonraíocht ar na hoibreacha a bhfuil deontas ag dul dóibh a bheith tugtha don iarratasóir, beidh sé riachtanach i gcásanna ar leith, ag brath ar chineál agus ar mhéid na n-oibreacha, plean/líníocht de na hoibreacha atá á moladh a ullmhú. Caithfear an plean/líníocht a dhéanamh de réir scála de réir na sonraíochtaí/sonraí atá sa chead sealadach. Caithfear meastúchán ó chonraitheoir a chur isteach bunaithe ar na pleananna sin de réir mar a bheidh siad ceadaithe ag an Chomhairle, agus caithfear na hoibreacha cuí a dhéanamh bunaithe ar na pleananna. Beidh sé d'fhreagracht ar an iarratasóir aon Chead Pleanála a bheidh de dhíth a fháil. Caithfidh na pleananna ar fad a bheith de réir na Rialachán Tógála.

- **<u>Ceanglais Chánach</u>**

Tá eolas le fáil i bhFoirm HM3 ar an eolas a chaithfidh an t-iarratasóir agus an conraitheoir a chur isteach maidir le ceanglais chánach. (Cuirfidh an Chomhairle Foirm HM3 chugat nuair a bheidh sí sásta go bhfuil deontas ag dul duit). I gcás an iarratasóra, níl de dhíth ach uimhir thagartha cháin ioncaim mar aon le deimhniú go bhfuil a c(h)uid cúrsaí cánach i gceart.

I gcás an chonraitheora, caithfear deimhniú imréiteach cánach bailí nó teastas C2 a chur ar fáil.

Mar rogha ar dheimhniú imréiteach cánach bailí a chur ar fáil, féadfaidh an conraitheoir cead a thabhairt don Údarás Áitiúil a dheimhniú go leictreonach go bhfuil deimhniú imréiteach cánach bailí aige/aici trí úsáid a bhaint as an tsaoráid bhailíochtaithe ar líne ar láithreán gréasáin na gCoimisinéirí Ioncaim. Chun úsáid a bhaint as an rogha seo caithfidh gur ar líne a cuireadh an buniarratas isteach chuig na Coimisinéirí Ioncaim do Dheimhniú Imréiteach Cánach nó caithfidh deimhniú a bheith déanta ag an iarratasóir san iarratas "páipéir" go n-aontaíonn sé/sí go mbeidh tríú páirtithe in ann a stádas a fhíorú ar líne.

**Caithfidh an Deimhniú Imréiteach Cánach / an Teastas C2 a bheith bailí ar an dáta a bhfaighfear an t-iarratas <u>agus</u> ar an dáta a n-íocfar an deontas.**

- **Tús a chur leis na hoibreacha**

Ná cuirtear tús leis na hoibreacha in imthosca ar bith go dtí go bhfaighfear Cead Críochnaitheach, mar ní mheasfar aon iarratas sa chás go bhfuil tús curtha leis na hoibreacha cheana féin.

- **Cigireachtaí / Maoirsiú ar na hOibreacha**

**Réamhoibreacha** – Beidh sé de cheart ag an Chomhairle aon chigireacht/imscrúdú a dhéanamh a mheasfaidh sí a bheith fóirsteanach agus an t-iarratas á bhreithniú aici. Caithfidh gur Oifigigh de chuid Chomhairle Chontae Dhún na nGall nó gníomhaireachtaí eile a bheidh ag feidhmiú ar son na Comhairle a dhéanfaidh na cigireachtaí/imscrúduithe seo. Beidh sé riachtanach go mbeidh rochtain acu ar an teach ar fad.

**Iaroibreacha** - Ní bheidh an Chomhairle freagrach as aon chaillteanas ná damáiste a tharlóidh don iarratasóir mar thoradh ar lochtanna ar na hoibreacha, bíodh siad struchtúrtha nó eile. Ní mór don iarratasóir a thuigbheáil gur ar mhaithe le heolas a bhailiú a dhéanfaidh comhaltaí foirne atá fostaithe ag an Chomhairle nó gníomhairí na Comhairle cigireachtaí ar na hoibreacha agus gur scrúdú físiúil agus sracfhéachana amháin a bheidh sna cigireachtaí lena chinntiú go bhfuil na hoibreacha ceadaithe curtha i gcrích, agus ní ghlacfaidh an Chomhairle le haon dualgas cúraim faoin dlí reachtúil nó faoin dlí coiteann i leith an iarratasóra chun a chinntiú go bhfuil na hoibreacha tógtha i gceart nó go bhfuil siad saor ó locht. Is chun leasa an iarratasóra a bheidh, mar sin, duine atá cáilithe mar is cuí a fhostú le maoirsiú a dhéanamh ar na hoibreacha agus lena chinntiú go mbeidh na hoibreacha á dtógáil i gceart agus go mbeidh siad saor ó locht.

- **Sláinte agus Sábháilteacht**

Cuirtear i gcuimhne d'iarratasóirí go leagann an Rialachán um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas san Obair (Tógáil) 2013 freagrachtaí úra ar dhaoine atá ag socrú obair thógála ina dteach féin.
I measc na bhfreagrachtaí seo, tá freagracht ann chun daoine cumasacha agus conraitheoirí cumasacha a cheapadh leis an obair a dhéanamh.
Féach, le do thoil, An Treoir d'Úinéirí Tí i dtaca le hObair Thógála a Shocrú, a d'fhoilsigh an tÚdarás um Shábháilteacht agus Sláinte agus atá ar fáil ar an suíomh idirlín s'acu ar www.hsa.ie

- **Oibreacha a Chríochnú**

Beidh ceangal ann go gcríochnófar na hoibreacha agus go n-éileofar an deontas laistigh de bhliain amháin ón dáta a cheadófar é.

- **Íoc an Deontais**

Is le seic a dhéanfar an deontas a íoc nuair a bheidh na hoibreacha curtha i gcrích chun sástachta na Comhairle. An sonrasc a gheofar ón Chonraitheoir a dhéanfaidh na hoibreacha a bhfuil deontas le híoc ina leith, caithfear an sonrasc sin a chur isteach leis an iarratas ar íocaíocht. Déanfar sonraí Imréiteach Cánach / C2 an Chonraitheora a athsheiceáil ag an phointe seo agus sa chás go mbeidh siad as dáta, beidh teastais nua a bheidh cothrom le dáta de dhíth. Ní féidir seiceanna a bhriseadh ach amháin trína lóisteáil i gcuntas bainc duine. Is féidir leis an iarratasóir a cheadú go n-íocfar an deontas leis an chonraitheoir más gá.

- **Cothabháil Oibreacha Críochnaithe / Íoc an Dara Deontais**

Is é an t-iarratasóir / úinéir an tí atá iomlán freagrach as cothabháil na n-oibreacha críochnaithe agus as cothabháil aon trealaimh a chuirfear ar fáil faoin scéim. Níl deontas iníoctha as aon oibreacha ar tugadh deontais ina leith roimhe. Tá íoc an dara deontais teoranta do na cásanna sin ina mbeidh oibreacha difriúla de dhíth, nach bhfuarthas deontas ina leith roimhe, mar gheall ar athruithe ar riachtanais an duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici. Sa chás go n-íocfar an dara deontas, beidh sé seo faoi réir na dteorainneacha uasta atá leagtha síos agus tógfar san áireamh an méid a íocadh le haghaidh aon deontais roimhe sin.

- **Nós Imeachta Achomhairc**

Agus iarratais á bpróiseáil faoin Scéim Deontais Tithíochta d'Áiseanna Soghluaiseachta, aithníonn an t-údarás go mbeidh roinnt iarratasóirí míshásta leis an chinneadh a dhéanfaidh sé.

Tugtar cuireadh d'iarratasóirí achomharc i scríbhinn a chur isteach maidir le haon chinneadh a chuirfidh an t-údarás áitiúil faoina mbráid maidir lena n-iarratais laistigh de 3 seachtaine ó dháta an chinnidh ag lua na gcúiseanna atá leis an achomharc. Breithneofar an t-achomharc agus tabharfar breith air laistigh de 4 seachtaine ón lá a fhaighfear é. Cuirfear gach iarratasóir ar an eolas faoin chinneadh ar an achomharc laistigh de 2 sheachtain ón lá a dhéanfar an cinneadh.

Caithfidh an t-iarratasóir a chur in iúl go sonrach san achomharc na fáthanna a n-easaontaíonn sé/sí leis an Chomhairle. Caithfear ceann a thabhairt do théarmaí na scéime san achomharc. Cuirtear in iúl cad chuige, dar leis an iarratasóir, nach bhfuil an cinneadh ag teacht leis an pholasaí ar Dheontais d'Áiseanna Soghluaisteachta faoi mar atá sé leagtha amach anseo istigh. Sa chás go mbaineann an t-achomharc le cineál agus méid na n-oibreacha molta, caithfidh an t-iarratasóir a chur in iúl cad chuige a bhfuil siad neamhfhóirsteanach, dar leis/léi, agus cad chuige a bhfuil oibreacha eile níos fearr agus níos fóirsteanaí, dar leis/léi, agus déanfar sin de réir théarmaí na scéime mar atá, teach a fhágáil níos fóirsteanaí mar chóiríocht ag duine a bhfuil fadhbanna soghluaisteachta aige/aici, agus de réir an ghá leanúnaigh atá ann leis an luach is fearr ar airgead a bhaint amach.

Déanfaidh an Chomhairle aon achomharc den chineál sin a athbhreithniú sa chéad dul síos agus sa chás go measfar go mbeidh gá leis, cuirfear ar aghaidh é chuig Bainisteoir Roinn an Teiripe Shaothair le go ndéanfaidh an fhoireann chuí ansin é a athbhreithniú. Ullmhófar tuairisc eile ar an athbhreithniú sin agus breithneoidh an Chomhairle í. Cibé cinneadh a chuirfidh an Chomhairle in iúl don iarratasóir ina dhiaidh sin, is é an cinneadh deiridh é.

Ní dhéanfar aon leatrom ar iarratasóir mar gheall ar é/í gan a bheith ábalta achomharc de "cháilíocht mhaith" a dhéanamh.

- **<u>D’iarratas a chur isteach</u>**

Nuair a bheidh d’iarratas curtha le chéile agat, cuir é chuig an Ionad Seirbhís Eolais Phoiblí is cóngaraí duit. Tá na seoltaí le fáil thíos:

Toghcheantar na nGleannta, Bóthar Ghaoth Dobhair, An Clochán Liath
Toghcheantar Inis Eoin, Bóthar Mhálainne, Carn Domhnach
Toghcheantar Leitir Ceanainn, Bóthar Neil T Blaney, Leitir Ceanainn
Toghcheantar Dhún na nGall, Drumlonagher, Baile Dhún na nGall
Toghcheantar Shrath an Urláir, Áras an Chontae, Leifear

**Uimhir Ghutháin do Gach Oifig: 974 9153900**

***MÁ TÁ CUIDIÚ DE DHÍTH ORT CHUN AN FHOIRM SEO A CHOMHLÁNÚ, GABH I DTEAGMHÁIL LEIS AN OIFIG TITHÍOCHTA I DO CHEANTAR FÉIN AG AN SEOLADH NÓ AR AN UIMHIR THUAS.***